# Beartas Príobháideachta um

# Chosaint Sonraí na Roinne

# Tithíochta

1. **Réamhrá**
   Caithfidh An Roinn Tithíochta, Comhairle Contae Fhine Gall sonraí pearsanta (faisnéis) a bhailiú agus a úsáid chun críocha éagsúla faoi iarrthóirí ar Thithíocht, tionóntaí Fhine Gall agus daoine aonair eile a thagann i dteagmháil leis an gComhairle. Cosnaíonn an reachtaíocht um chosaint sonraí cearta príobháideachta daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Leagtar amach sa bheartas príobháideachta um chosaint sonraí seo beartais um chosaint sonraí na Roinne Tithíochta de réir an Achta um Chosaint Sonraí 1988, An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003 agus Rialachán Ginearálta Maidir le Cosaint Sonraí an AE (RGCS). Tugann na hionstraimí reachtacha seo cearta do dhaoine aonair chomh maith le freagrachtaí a chur ar na daoine sin a phróiseálann sonraí pearsanta (Rialaitheoirí Sonraí). Is éard atá i sonraí pearsanta, uathoibrithe agus láimhe, sonraí a bhaineann le duine aonair beo atá aitheanta nó ar féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i dteannta le faisnéis eile.

2. **Cuspóir an Bheartais Príobháideachta seo**
   Is ráiteas é an beartas seo ar thiomantas na Roinne Tithíochta cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

3. **Prionsabail um Chosaint Sonraí (Reachtaíocht Ghinearálta Maidir Le Cosaint Sonraí an AE)**
   Leagann An Roinn Tithíochta amach na sonraí beartais agus oibríochta seo a leanas i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha maidir le Cosaint Sonraí in Éirinn agus le reachtaíocht RGCS an AE.

   Rialaitheoirí Sonraí: Maidir le hiarrthóirí ar Thithíocht, tionóntaí, nó daoine aonair eile a thagann i dteagmháil leis an Roinn Tithíochta is é an Rialaitheoir Sonraí an Roinn Tithíochta.

   **Próiseálaí Sonraí:** Is féidir leis an Roinn Tithíochta chun críocha a feidhmeanna faoi na hAchtanna Tithíochta 1966-2009, faisnéis a iarraidh agus a fháil *maidir le hiarrthóirí ar Thithíocht nó tionóntaí ó údarás tithíochta eile*, An Biúró um Shócmhainní Coiriúla, An Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), TUSLA, comhlacht tithíochta ceadaithe nó *aon chomhlacht oiriúnach eile de réir a feidhme. I gcúinsí den sórt sin is Próiseálaí Sonraí í an Roinn Tithíochta.*

   *Rialaitheoirí Sonraí: Is iad na comhrialaitheoirí sonraí don Roinn Tithíochta: DHRE, SUGAR (HAP) Luimneach, DSP do API]*

   *Cé leis a roinnimid faisnéis: Roinntear faisnéis le comhlachtaí agus eagraíochtaí eile:- MABS, FSS, RTB, An Roinn Coimirce Sóisialaí, An Post, An Garda Siochana, Comhlacht Iniúchta Cíosa, Gníomhairí Bainistíochta & Comhlachtaí Bainistíochta, Tiarnaí Talún, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil & An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.*

Cuspóirí Próiseála Sonraí: Próiseálann An Roinn Tithíochta sonraí pearsanta chun na gcríoch dleathach agus sonrach seo a leanas agus ní thiomnaíonn sí lena n-úsáid agus lena nochtadh ach ar bhealaí atá comhoiriúnach go docht leis na críocha luaite sin. Coinneofar na sonraí go léir a phróiseáiltear cothrom le dáta agus cruinn agus stórálfar i gcónaí iad go sábháilte agus próiseálfar go dleathach iad agus chun na gcríoch atá leagtha amach thíos amháin. Ar an gcaoi chéanna, nó stórálfar ach an íosmhéid sonraí ábhartha maidir leis na críocha seo a chur i gcrích.

- Iarratais agus leithdháiltí tithíochta
- Cíosanna
- Bainistíocht eastáit
- Maoin ar Chíos Príobháideach (lena n-áirítear RAS agus HAP)
- Cigireachtaí ar Mhaoin ar Chíos Príobháideach
- Scéimeanna Liúntais Morgáiste
- Scéimeanna Ceannaigh Incriminteacha
- Iasachtaí um Fheabhsúcháin Tí d'Oibreacha Feabhsúcháin – Scéim Tithíochta Inacmhainne
- Iarrthóir ag fáil cóiríochta leis an gComhlacht Ceadaithe Tithíochta – Scéimeana Ligin/Liosta Tosaíochta
- Aistriú laistigh de 2 Údarás Áitiúil nó Údarás Áitiúil go Comhlacht Ceadaithe Tithíochta
- Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Níos Sine (HOPS)
- Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas (HAGS)
- Scéim Deontais Áiseanna Soghluaiseachta
- Comhaid riaracháin Ceannaigh Teachín
- Scéim Morgáiste go Cíos
- Scéim Úinéireachta Roinnte
- Ceannacháin Tionóntaí – Tuairisceáin chuig an Roinn – RAS
- Comhaontuithe Cuid V
- Fáil Talún – Ceannacháin Tithe Príobháideacha
- Clár Áitribh ar Chíos Príobháideach
- Scéim um Dhíoláchán Láithreán Príobháideacha
- Clár na Láithreán Folamh
- Comórtais Tairisceana Tógála Tithíochta
- Léasú Fadtéarmach (LTL)
- Scéimeanna Athfheistithe Fuinnimh
- Deontais Bainistíochta Eastáit
- Bainistíocht Eastáit – Saincheisteanna um Iompar Frithshóisialta
- Cothabháil Tithíochta – Clár na nOibreacha
- Foirgnimh Réamhdhéanta/Áitribh Mhodúlacha
- Tairiscintí do Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse
- Cásanna Cliant Oibrí Sóisialta
- Athbhreithniú Oibrí Sóisialta/Riaráistí Cíosa
- Measúnú ar Riachtanais Iomlánaíocha
- Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine Gan Dídean (HAT)
- Daoine Gan Dídean – Riosca & Bainistíocht Ciontóirí Gnéis (SORAM)

- Daoine Gan Dídean – Pointe teagmhála aonair do phríosúnaithe
- Maoiniú don Lucht Siúil
- Oifigeach Idirchaidrimh an Lucht Siúil
- Aonad Leasa an Lucht Siúil – Láithreáin Stad a Sholáthar
- Carabháin a cheannach

Catagóirí na Sonraí atá á bpróiseáil:

- Na sonraí go léir a sholáthraíonn an t-iarrthóir d'fhonn cigireachtaí tithíochta a phróiseáil
- Na sonraí go léir a sholáthraíonn an t-iarrthóir i dteannta a n-iarratas tithíochta
- Na sonraí go léir a theastaíonn chun measúnú cíosa bliantúil a dhéanamh
- Na sonraí go léir a bhaineann le hoibreacha riachtanacha a bhaineann le maoin agus talamh na Comhairle maidir le híocaíochtaí Coimirce Sóisialaí
- Íocaíochtaí na Roinne Coimirce Sóisialaí
- Eolas fostaíochta lena n-áirítear tuarastal
- Na sonraí go léir a theastaíonn le haghaidh cigireachtaí réadmhaoine
- Na sonraí go léir a theastaíonn chun rochtain a fháil ar Scéimeanna Liúntais Morgáiste
- Na sonraí go léir a theastaíonn chun rochtain a fháil ar Scéimeanna Ceannaigh Incriminteacha
- Na sonraí go léir a theastaíonn le haghaidh Iasachtaí Feabhsúcháin Tí – Scéim Tithíochta Inacmhainne
- Na sonraí go léir a theastaíonn le haghaidh iarratais ag fáil cóiríochta le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta – Scéimeanna Ligin/Liosta Tosaíochta
- Na sonraí go léir a theastaíonn d'aistriú idir 2 Údarás Áitiúil nó Údárás Áitiúil chuig Comhlacht Ceadaithe Tithíochta
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Scéim Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Scothaosta (HOPS)
- Na sonraí go léir a theastaíonn don Scéim Oiriúnaithe Tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas (HAGS)
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaiseachta
- Na sonraí go léir a theastaíonn le haghaidh comhaid riaracháin Ceannach Teachín
- Na sonraí go léir a theastaíonn don Scéim Morgáiste go Cíos
- Na sonraí go léir a theastaíonn don Scéim Úinéireachta Roinnte
- Na sonraí go léir a theastaíonn le haghaidh Ceannach Tionóntaí – Tuairisceáin chuig an Roinn - RAS
- Na sonraí go léir a theastaíonn do chomhaontuithe Cuid V
- Na sonraí go léir a theastíonn le haghaidh Fáil Talún – Ceannacháin Tithe Príobháideacha
- Na sonraí go léir a theastaíonn don Chlár Áitribh ar Chíos Príobháideach
- Na sonraí go léir a theastaíonn chun an Scéim Dhíolacháin Phríobháideach a Dhíol
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Chlár na Láithreán Folamh
- Na sonraí go léir a theastaíonn le haghaidh Chomórtais Tairisceana Tógála Tithíochta
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Léasú Fadtéarmach (LTL)
- Na sonraí go léir a theastaíonn le haghaidh Scéimeanna Aisfheistithe Fuinnimh
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Bhainistíocht Eastáit

- Na sonraí go léir a theastaíonn do Bhainistíocht Eastáit – Saincheisteanna um Iompar Frithshóisialta
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Chothabháil Tithíochta – Clár na nOibreacha
- Na sonraí go léir a theastaíonn d’Áitribh Réamhdhéanta/Mhodúlacha
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Thairiscintí do Chomhaontuithe Leibhéal Seirbhíse
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Chásanna Cliant Oibrí Sóisialta
- Na sonraí go léir a theastaíonn d’Athbhreithniú Oibrí Sóisialta/Riaráistí Cíosa
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Mheasúnú ar Riachtanais Iomlánaíocha
- Na sonraí go léir a theastáíonn d’Fhoirne Gníomhaíochta do Dhaoine Gan Dídean (HAT)
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Dhaoine Gan Dídean – Riosca & Bianistíocht Ciontóirí Gnéis (SORAM)
- Na sonraí go léir a theastaíonn do Dhaoine Gan Dídean – Pointe teagmhála aonair do phríosúnaithe
- Na sonraí go léir a theastaíonn do mhaoiniú don Lucht Siúil
- Na sonraí go léir a theastaíonn d’Oifigeach Idirchaidrimh an Lucht Siúil
- Na sonraí go léir a theastaíonn d’Aonad Leasa an Lucht Siúil – Láithreáin Stad a Sholáthar
- Na sonraí go léir a theastaíonn chun Carabháin a Cheannach

**4.** Cén fáth a bhailímid iad?

Oibleagáid Dhlíthiúil: Faoin Acht um Chosaint Sonraí 1988, An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003 agus Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an AE (RGCS), éilítear orainn na sonraí seo a iarraidh chun an tseirbhís seo a sholáthar.

**5.** Rochtain agus Stóráil Sonraí:
Tá rochtain ar shonraí na Roinne Tithíochta teoranta go docht d’fhoireann ábhartha (Tithíochta) de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall. Stórálfar sonraí faoi dhaoine aonair chomh fada agus is gá chun críocha luaite na próiseála sonraí agus de réir ár mbeartas Coinneála Sonraí.

**6.** Sonraí teagmhála maidir le Cosaint Sonraí:
Is féidir teagmháil a dhéanmh le hOifig Cosanta Sonraí Chomhairle Contae Fhine Gall ag 8905162 agus data.officer@fingal.ie.

**7.** Cearta Ábhar Sonraí:
Tá An Roinn Tithíochta tiomanta do sheasamh agus do chinntiú go ndéantar cearta an ábhar sonraí (tusa) a chothabháil agus a chosaint i gcónaí. Mar sin ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil tú ar an eolas faoi na cearta seo a leanas agus go bhfuil na cearta seo a leanas agat faoi RGCS:

i. Go bhfuil aon phróiseáil sonraí a bhaineann leat bunaithe ar sholáthar reachtúil
ii. Go bhfuil sé de cheart agat mar ábhar sonraí rochtain a iarraidh ar na sonraí go léir a bhaineann leat, agus an chúis le próiseáil, foinse na faisnéise agus cé a bhfuil rochtain uirthi, a sholáthar duit. Éascófar iarratais den sórt sin tráth nach déanaí ná mí tar éis iad a iarraidh agus déanfar iad saor in aisce.
iii. Go bhfuil sé de cheart agat mar ábhar sonraí na sonraí seo a chur i gceart chun aon earráidí a cheartú nó chun a gcruinneas a chinntiú.

iv. Go bhfuil sé de cheart agat mar ábhar sonraí gearán a dhéanamh leis an Oifig Cosanta Sonraí má chreidtear go bhfuil do shonraí á bpróiseáil go héagórach nó mura bhfuil do chearta á gcosaint.
v. Is féidir faisnéis phearsanta a roinnt le heagraíochtaí eile nó chun críocha dlíthiúla le do thoiliú.

**8.** Athbhreithniú
Déanfar an beartas seo a athbhreithniú go rialta i bhfianaise aon chomharthaí reachtacha nó ábhartha eile.

Do Chearta

Tá sé cheart agat rochtain a iarraidh ar shonraí pearsanta a choinnítear fút, deimhniúchán a fháil an bhfuil sonraí fút ann, a bheith ar an eolas faoi ábhar agus foinse na sonraí agus a gcruinneas a sheiceáil. Ina theannta sin, má aimsítear go bhfuil na sonraí atá againn míchruinn tá sé de cheart agat sonraí pearsanta atá i seilbh Chomhairle Contae Fhine Gall a athrú, a bhaint, bac a chur leo nó agóid a dhéanamh ina gcoinne. I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh bac a chur ar rochtain ar shonraí pearsanta moill a chur ar roctain ar sheirbhís nó í a bhaint nuair a éilítear na sonraí de réir dlí nó chun críocha riachtanacha a bhaineann le seirbhís a sholáthar duit. Tabhair le fios le do thoil chun cabhrú le do phíobháideacht a chosaint, glacaimid céimeanna chun d'aitheantas a fhíorú sula ndeonófar rochtain ar shonraí pearsanta.

Chun na cearta seo a fheidhmiú ba cheart duit na céimeanna seo a leanas a ghlacadh.

Chun sonraí pearsanta atá i seilbh Chomhairle Contae Fhine Gall a iarraidh, caithfear iarratas a dhéanamh i scríbhinn tríd an bpost nó ríomhphost a chur chuig: Oifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Gnóthaí Corparáideacha &
Rialachais, Comhairle Contae Fhine Gall,
An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

R-phost:
Data.Officer@fingal.ie
Teil: 01 8905162

Nós imeachta gearán

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra a fuair tú ó Chomhairle Contae Fhine Gall maidir le d'iarratas, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí a d'fhéadfadh an t-ábhar a imscrúdú ar do shon.

Is é láithreán gréasáin an Choimisinéara um Chosaint Sonraí www.dataprotection.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh lena Oifig ag:

Uimhir Íosghlao: 1890 252 231

R-phost: info@dataprotection.ie

Seoladh Poist: An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

Teach na Canálach

Bóthar an Stáisiúin

Cúil an tSúdaire, Co. Laoise. R32 AP23.